

# An Réamhrá

**Claire M. Dunne agus Marie Whelton**



*Íomhá: Aodán ag tús a aistir san oideachas lena athair (Príomhoide) agus pobal na scoile lasmuigh de Scoil Náisiúnta Bhaile Uí Chonghaile sa bhliain 1965.  
Grianghraf ó Kevin Sweeney.*

Rachaidh Aodán Mac Suibhne ar scor óna phost mar Cheann Roinne in Institiúid Oideachais Marino i mí Iúil, 2022. Cé go leanfaidh sé ar aghaidh le gnéithe áirithe dá chuid oibre, is cloch mhíle shuntasach í seo ina ghairmréim agus theastaigh ó na heagarthóirí í a mharcáil go foirmiúil trí chnuasach aistí in ómós a shaothair san oideachas, thar na blianta, a chur in eagar. Chuige sin, tugadh cuireadh i mí Mheán Fómhair, 2021, do chomhghleacaithe, d'iar-mhic léinn agus do chairde Aodáin aistí a chur ar fáil. Mar is léir ó líon na n-aistí atá tiomsaithe le chéile anseo, cuireadh fáilte mhór roimh an gcuireadh agus is é an toradh ná léargas suaithinseach ar aistear gairmiúil Aodáin go dtí seo agus ar na tionscnaimh éagsúla a mbíonn baint aige leo.

Rugadh Aodán Mac Suibhne i mBaile Uí Chonghaile, Co. na Gaillimhe, sa bhliain 1957. D'fhreastail sé ar an mbunscoil áitiúil, áit a raibh a athair ina Phríomhoide, agus, ina dhiaidh sin, ar Choláiste Iarfhatha, Tuaim. Cáilíodh é mar mhúinteoir bunscoile i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, sa bhliain 1977. Tugann aiste le Liam Mac Mathúna, léargas suimiúil ar an athchóiriú ar Theagasc na Gaeilge a cuireadh i bhfeidhm i gColáiste Phádraig sna 1970í agus ar na modhanna teagaisc nua a ndearna Aodán teagmháil leo agus é ina mhac léinn óg.

Sular ceapadh Aodán ina phost in Institiúid Oideachais Marino, chaith sé 22 bhliain ina oide scoile i Scoil Réalta na Mara, Dumhach Thrá, Baile Átha Cliath. Le linn dó a bheith ag múineadh scoile, bhain sé an tArdteastas Gaeilge amach sa bhliain 1982 agus d'fhreastail sé ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar mhac léinn páirtaimseartha áit ar bronnadh M.Litt. air sa bhliain 1989. Bhí sé an-ghníomhach ag an am sin, freisin, i gCumann na mBunscol agus bhí sé ina Chathaoirleach ar bhrainte Bhaile Átha Cliath den Chumann ó 1990 go 1993. I machnamh pearsanta spreagúil, tagraíonn Pat Fanning do na laethanta sin agus sonraíonn Denis Forde an chomaoin mhór a chuireann Aodán fós ar chúrsaí spóirt ag leibhéal an ardoideachais.

Agus é fós ag obair mar mhúinteoir bunscoile, b'údar agus b'eagarthóir é Aodán ar go leor téacsleabhar leis an gcomhlacht foilsitheoireachta, Folens.



D'oibrigh sé, freisin, mar Oifigeach Oideachais leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar *Curaclam na Bunscoile. Gaeilge. Teanga* (1999) agus chaith sé tréimhse ina léachtóir páirtaimseartha le Múineadh na Gaeilge i gColáiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Ráth Maonais. Ina halt tuisceanach, tugann Caoimhe Máirtín léargas ar na blianta sin i saol gairmiúil Aodáin agus tráchtann sí, go háirithe, ar an mbua atá aige lampaí léinn agus muintearais a lasadh.

Tá 21 bhliain caite, go dtí seo, ag Aodán in Institiúid Oideachais Marino. Ba Chomhordaitheoir na Gaeilge agus Léachtóir le Gaeilge agus le Múineadh na Gaeilge é ar dtús. Ba Phríomhléachtóir agus Comhordaitheoir na Gaeilge é ansin, agus, ó 2018, ba Phríomhléachtóir agus Ceann Roinn an Bhéarla agus Roinn na Gaeilge é. Tá go leor alt sa chnuasach seo a dhíríonn ar na blianta sin i saol gairmiúil Aodáin: tugann alt le Claire M. Dunne spléachadh geanúil, ó pheirspictíocht an iar-mhic léinn, ar Aodán Mac Suibhne mar léachtóir ag an tríú leibhéal; díríonn Ray Mac Mánaís agus Diarmaid Ó Murchú, go spráúil, ar shíor-thiomantas Aodáin do chruinneas na Gaeilge ina chuid oibre; sonraíonn Madeleine Ní Ghallchobhair, an chomaoín a chuireann Aodán ar an oideachas ionchuimsitheach agus tagraíonn sí, go háirithe, don ról ceannaireachta a ghlac sé i mbunú Chlár Rochtana Institiúid Oideachais Marino don Mhúinteoireacht; rianaíonn Gene Mehigan an pháirt bhliantúil thábhachtach a ghlacann Aodán i gCúrsaí Samhraidh Institiúid Oideachais Marino, agus, roinneann Peadar Ó Conaire, Éamon Ó Murchú agus Tomás Ó Dochartaigh cuimhní cinn ar na laethanta órga a chaith siadsan ag obair sa Ghaeltacht faoi stiúir Aodáin mar Scrúdaitheoirí Cainte ar Inis Meáin. Go deimhin, bíonn baint leanúnach ag Aodán leis na Coláistí Gaeltachta agus tugann alt le Seán de Brún agus Máire Nic an Bhaird cur síos eolach ar an obair chríochnúil a chuireann Aodán i gcrích le Grúpa Oibre na nInstitiúidí Oideachais do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht, agus ar an saothar a rinne sé go háirithe sa tréimhse 2011-2021.

Thar na blianta, bhí ról lárnach, mar chomhúdar tairiscintí, ag Aodán i dtabhairt dhá fhoinsé mhaoinithe shuntasacha go nInstitiúid Oideachais Marino – “An Cháilíocht sa Ghaeilge” agus “An Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge.” Díríonn alt le Peadar Mac Giolla Bhríghde ar an tslí ar mhúnlaigh fíís Aodáin Mhic Shuibhne an Cháilíocht sa Ghaeilge. Scrúdaíonn alt le Caoileann Ní Dhonnchadha an tslí a gcuireann an Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge barr maise ar obair fhadtéarmach stairiúil na hinstitiúide ar son na Gaeilge agus tuairiscíonn Treasa Kirk ar an ról ceannródaíoch, i ndearadh agus i bhforbairt na céime nua, a bhíonn ag Aodán mar Chomhordaitheoir ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na

Gaeilge, agus mar bhall de “An Coiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta.”

Lasmuigh dá ghnáthdhualgais ghairmiúla, glacann Aodán páirt rialta i saol cultúrtha Institiúid Oideachais Marino agus i ngníomhaíochtaí comhchuraclaim éagsúla ar nós Sheachtain na Gaeilge agus *Céilí House*. In ómós na slite ina gcuireann Aodán an cultúr Gaelach chun cinn i Marino, tá fonn a thaitníonn go mór le hAodán, agus a chanann sé go minic ag ócáidí ceoil na hinstitiúide, cóirithe ag Máire Nuinseann agus Josie Nugent agus tá an nodaireacht san áireamh anseo. Ina theannta sin, tugann Cui Ying Gao blaiseadh de chúrsa teastais oíche páirtaimseartha sa Spioradáltacht agus san Fhorbairt Dhaonna a chuirtear ar fáil i Marino, agus, ar éirigh le hAodán a chríochnú go rathúil sa bhliain 2018.

Ag deireadh an chnuasaigh, tugann Marie Whelton turas tapa ar na foilseacháin go léir atá curtha ar fáil ag Aodán ó thús a ghairme go nuige seo. Déanann sí na foilseacháin a shuíomh i gcomhthéacs forbairtí náisiúnta maidir le múineadh agus foghlaim na Gaeilge agus pléann sí gnéithe dá dtionchar. Tar éis an ailt, cuireann sí liosta d'fhoilseacháin Aodáin ar fáil.

Sa chnuasach seo, gheobhaidh an léitheoir go leor eolais agus fíricí faoi na tograí gairmiúla éagsúla a raibh, agus a mbíonn, baint ag Aodán Mac Suibhne leo, ach, gheobhaidh an léitheoir go leor scéalta pearsanta, scéalta béaloidis agus cuimhní cinn faoi Aodán, an duine, freisin. Is cinnte go bhféadfadh daoine eile nach bhfuil aistí leo san áireamh anseo ach a chaitheann, nó a chaith, an-chuid ama ag obair le hAodán cur leis an stór scéalta sin. I measc na ndaoine sin tá Bríd Ní Chualáin, Máire Áine Nic Dhonnchadha, Máirín Ní Chonghaile agus Treasa Uí hÉimhrín. Níl amhras faoi ach go luafaidís go léir na tréithe pearsanta a luaitear leis sna haistí thíos. Is iad sin a uaisleacht; a shár-scileanna cumarsáide agus éisteachta; an tslí a mbíonn sé in ann comhoibriú agus comhghuaillíocht neamhchomórtasach a chothú; agus, a fhéith iontach den ghreann.

Sa taighde idirnáisiúnta atá ar marthain ar na tréithe is inmhianaithe in oifí agus in oideachasóirí oifí, luaitear an tábhacht a bhaineann lena bheith eolach agus sciliúil i mbun múinteoireachta (Celik 2011: 84) agus luaitear, freisin, an tábhacht a bhaineann lena bheith paiseanta agus ionraic faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim (Devine, Fahie, McGillicuddy 2013; Palmer 1999). Thar aon rud eile, is íomhá d'oidé den chineál sin a eascraíonn as an gcnuasach seo ina iomláine – oide bunscoile agus oide ag an tríú leibhéal – oide a thugann a spiorad solasmhar féin chuig a chleachtas; a chuireann

béim ar thábhacht an taitnimh san fhoghlaim; a bhíonn ina abhcóide don mhac léinn agus a chleachtann “an fhoghlaim ar feadh an tsaoil.” Tuigtear, go hiomlán, nach bhfuil a phort seinnte, ná a shoithigh go léir seolta, ag Aodán Mac Suibhne go fóill, ach ag an gcloch mhíle thábhachtach seo ina shaol, táthar ag súil leis go mbeidh an cnuasach seo ina thaifead buan ar an meas atá ag a chomhoibrithe ar oide uasal sin na ceirde.

### **Tagairtí**

Celik, S. (2011) ‘Characteristics and Competencies for Teacher Educators: Addressing the Need for Improved Professional Standards in Turkey.’ In: *Australian Journal of Teacher Education* 36 (4), Aibreán: 73-87.

Devine, D., Fahie, D., & McGillicuddy, D. (2013) ‘What is ‘Good’ Teaching? Teacher Beliefs and Practices About Their Teaching.’ In: *Irish Educational Studies* 32(1): 83-109.

Palmer, P.J. (1999) ‘Evoking the Spirit in Public Education.’ In: *Educational Leadership: Association for Supervision and Curriculum Development*, Eanáir: 6-11.